

An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006

CLÁR

	LEATHANACH
Réamhrá	2
Ráiteas Misin	2
Plean Straitéiseach 2006 - 2009	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Ballraíocht na Comhairle	4
Coistí na Comhairle	5
Ráiteas an Stiúrthóra	8
Foireann CCÉRO	9
Ráiteas Airgeadais don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2006	11

RÉAMHRÁ

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeán, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamh-ospidéal in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle mar chomhlacht corpraithe trí Ionstraim Reachtúil Uimhir 109 de (Ordú Bunaithe) 2000 a leasaíodh le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de (Ordú Leasaithe) 2004. Déanadh na hOrduithe seo faoi Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar a leasaíodh.

Sainítear ballraíocht na Comhairle san Ionstraim Reachtúil le gan níos mó ná seacht nduine dhéag uirthi a bheidh ceaptha ag an Aire.

RÁITEAS MISIN

Déanann an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an pobal a chosaint trí chaighdeán feabhais a shainiú, a athbhreithniú, a chothabháil agus le monatóireacht do sholáthar cúraim ardchaighdeán éigeandála réamh-ospidéal do mhuintir na hÉireann.

PLEAN STRAITÉISEACH 2006-2009

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar sonraí ar na straitéisí ar leith a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Soláthraíonn an Plean Straitéiseach treoir agus fócas soiléir.

Is iad Cuspóirí Feidhme na Comhairle:

1. A chinntiú go dtagann institiúidí oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i gCéad Fhreagairt agus idTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann.
2. A chinntiú go mbaineann freagróirí agus cleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta.
3. Urraíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirí dea-chleachtais i gcúram éigeandála réamh-ospidéal.
4. Taighde iomchuí a aimsiú, a urrú agus a chur chun cinn chun treoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram éigeandála réamh-ospidéal a fhorbairt.
5. Caighdeán eile cúraim éigeandála réamh-ospidéal a mholadh mar is cuí.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle a chur i láthair don bhliain dar críoch 31^ú Nollaig 2006, an seachtú ceann ó bunaíodh í in 2000.

I rith 2006, d'oibrigh Stiúrthóir agus Foireann na Comhairle go gníomhach leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr agus le grúpaí agus eagraíochtaí eile iomchuí i gcomh chur chuige páirtíochta i bhforbairt agus i bhfeabhsú Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéal.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ar bhain an Chomhairle amach in aghaidh a céad Phlean Straitéisigh 2002-2005 agus ar cheardlann sa Bhealtaine, chuir an Chomhairle bailchríoch lena dara Plean Straitéiseach 2006-2009 chun treoir a thabhairt d'oibreacha na Comhairle agus an Choiste sna blianta atá romhainn.

Mar chuid dá thiomantas do dhea-chleachtas i rialachas, chríochnaigh an Coiste Iniúchta a chéad bhliain iomlán in 2006 de thacaíocht agus de chomhairle a thabhairt don Chomhairle ar rialú inmheánach a chuimsigh rialachas corparáideach agus ceistanna iniúchóireachta.

Ar na nithe a baineadh amach in 2006 bhí:

- gur tosaíodh go luath in 2006 ar an 6^ú clár reachtúil do ghairmiúlaigh sláinte i ndiaidh Dochtúirí, Altraí, Fiaclóirí, Radharceolaithe agus Cógaiseoirí; is ann do 1,311 cláraí (53 Ard-Pharaimhíochaineoir, 1,207 Paraimhíochaineoir agus 51 EMT) ag deireadh 2006;
- gur bunaíodh Clár um Stad Cairdiach Eis-Ospidéal (CSCO) i gcomhar leis an FSS agus Ollscoil na Gaillmhe;
- bunú ionad taighde réamh-ospidéal i gcomhar le hOllscoil Luimnigh;
- foilsiú Caighdeán CCÉRO i mí na Nollag 2006 a leagann amach riachtanais oiliúna agus oideachais i 6 leibhéal thar réimse leathan na bhfreagróirí (Céad Fhreagairt Cairdiach, Garchabhair Oibre, Céad Fhreagairt Éigeandála) agus cleachtóirí cláraithe um chúram éigeandála réamh-ospidéal (Teicneoir Míochaine Éigeandála, Paraimhíochaineoir, Ard-Pharaimhíochaineoir);

Táim buíoch de bhaill na Comhairle agus na gCoistí éagsúla a bhfuil a dtiomantas agus a ndíograis i gceist i gcónaí i gcur i bhfeidhm físe an CCÉRO.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil thar ceann na Comhairle leis an Stiúrthóir, an Dr. Geoff King, leis an gCláraitheoir, an tUas. Barry O'Sullivan, agus le Foireann iomlán an CCÉRO as ucht a gcuid dianoibre agus a dtiomantas, a bhí agus atá riachtanach don dul chun cinn atá á dhéanamh. Is maith a thuigean an Chomhairle an méadú ollmhór a tháinig ar an ualach oibre le blianta beaga anuas, agus tugann sí tacaíocht iomlán don Stiúrthóir ina iarrachtaí breis foirne a aimsiú lena chinntiú go leantar le hobair na Comhairle ar an ardchaighdeán a bhí mar shaintréith i gcónaí aici.

Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl thar ceann na Comhairle leis an Roinn Sláinte agus Leanaí as ucht a dtacaíocht agus a maoiniú.

BALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE

Ballraíocht na Comhairle ar an 31ú Nollaig 2006

An tUas. Paul Robinson	Cathaoirleach Comhairleach Bainistíochta Cúraim Sláinte
An tOll. Gerard Bury	Leaschathaoirleach Ollamh le Cleachtadh Ginearálta, Coláiste na hOllscoile BÁC
An tUas. Sean Creamer	Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil Ard-Pharaimhíochaineoir,
An tUas. Mark Doyle	Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Míochaine Comhairleach Éigeandála Míochaine FSS Ceantar an Oirdheiscirt
Ms. Julie Woods	Cathaoirleach, An Coiste Creidiúnaithe Altra Cláraithe
An tUas. Gabriel Glynn	Cathaoirleach, Grúpa Oibre Cóimheasa Paraimhíochaineoir, FSS Ceantar an Iarthair
An tUas. John Duggan	Paraimhíochaineoir, FSS Ceantar an Deiscirt
An tUas. Pat Gaughan	Comhairleach Bainistíochta Cúraim Sláinte
An tUas. David Hall	Stiúrthóir Cuideachta, Seirbhís Phríobháideach Otharchairr
An tUas. Pat Hanafin	Paraimhíochaineoir, FSS Ceantar an Deiscirt
An tUas. Martin Gallagher	Comhairleach Bainistíochta Cúraim Sláinte,
An tUas. Frank O'Malley	Paraimhíochaineoir, FSS Ceantar an Mheán- Iarthair
An tUas. Michael Garry	Oifigeach Ceantair, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
An tUas. Macartan Hughes	Stiúrthóir, Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr
An tUas. Pat McCreanor	Ard-Pharaimhíochaineoir, FSS Seirbhís Otharchairr Réigiúin an Oirthir

COISTÍ NA COMHAIRLE

Coiste Cúraim Chliniciúil

Chun breithniú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar ghnéithe de cheisteanna cúraim chliniciúil atá le/faoi mheas ag an nGrúpa Comhairleach Míochaine(GCM), ag an gCoiste Creidiúnaithe agus ag an gComhairle.

An tUas. Sean Creamer	Cathaoirleach
An tUas. Paul Robinson	Cathaoirleach na Comhairle
An tOll. Gerard Bury	Leaschathaoirleach na Comhairle
An tUas. Mark Doyle	Cathaoirleach an Ghrúpa Comhairleach Míochaine
Ms. Julie Woods	Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe
An tUas. Pat Hanafin	EMT na hEarnála Poiblí
An tUas. John Duggan	EMT na hEarnála Poiblí
An tUas. David Hall	Ionadaí na dTomhaltóirí
An tUas. Pat Gaughan	Ball den Chomhairle
An tUas. Dave Sherwin	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
An tUas. Philip Lane	FSS Aonad Bainistíochta Tionscadail
An tUas. Pat Grant	Cumann CAO

An Coiste Creidiúnaithe

Chun moltaí a dhéanamh don Chomhairle maidir le haitheantas do na hInstitiúidí Oiliúna d'oideachas agus d'oiliúint i dTeicneolaíocht na Míochaine Éigeandála.

Ms. Julie Woods	Cathaoirleach
An tUas. Paul Robinson	Cathaoirleach na Comhairle
An tOll. Gerard Bury	Leaschathaoirleach na Comhairle
An tUas. Sean Creamer	Cathaoirleach, An Coiste Cúraim Chliniciúil
An tUas. Mark Doyle	Cathaoirleach MAG
An tUas. Gabriel Glynn	EMT na hEarnála Poiblí
An tUas. Frank O'Malley	EMT na hEarnála Poiblí
An tUas. David Hall	Ionadaí na dTomhaltóirí
Ms. Ursula Byrne	Oideachas agus Traenáil, Altranas
An tUas. Macartan Hughes	Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr
An tUas. Michael Garry	Institiúid Oiliúna BDBÁC
An tOll. Paul Finucane	Oideachas agus Traenáil, Míochaine
An Dr. David McManus	Seirbhís Otharcharr Thuaiscirt Éireann
An tUas. Stephen McMahon	Cumann Othar na hÉireann

An Coiste Scrúdaithe Cáilíochta

Cáilíocht an Scrúdaithe NQEMT a dheimhniú agus moltaí a dhéanamh do an/na coist(i) iomchuí:

An Dr. Geoff King	Cathaoirleach
An tUas. Sean Creamer	
An tUas. Brian Power	
Ms. Pauline Dempsey	
An tUas. Shane Knox	
An Dr. Mags Burke	

An Coiste Achomhairc

Chun measúnú a dhéanamh ar achomhairc a déanadh chuig an Stiúrthóir ar an lá céanna leis an scrúdú (praiticiúil) agus laistigh de cheithre sheachtain ó thoradh an scrúdaithe a bheith curtha ar fáil (teoiric). Ní féidir le ball a bheith ina bhall den Choiste Cáilíochta don scrúdú áirithe sin.

An tOll. Paul Finucane	Cathaoirleach
An tUas. David Hall	
An tUas. John Duggan	
An tUas. Frank O'Malley	
An tUas. Gabriel Glynn	

An Coiste Iniúchóireachta

- Chun scrúdú a dhéanamh ar leogacht nádúir, fairsinge agus éifeacht na gcóras cuntasaíochta agus rialaithe inmheánacha.
- Chun teacht leis an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaigh agus le feabhas a chur uirthi agus tacú léi.

An tUas. Con Foley	Cathaoirleach
An tUas. Seirse Ó hAodha	Speisialtóir airgeadais
An tUas. David Hall	Ball den Chomhairle
An tUas. Martin Gallagher	Ionadaí na bainistíochta ón gComhairle
Ms. Pauline Dempsey	Ball d'fhoireann an CCÉRO

Grúpa Comhairleach Míochaine

Chun measúnú a dhéanamh ar cheisteanna míochaine a chuir an Chomhairle, na Coistí Cúraim nó Creidiúnaithe nó oifig an CCÉRO faoina bhráid agus tuairisciú don Chomhairle tríd an gCoiste Cúraim Chliniciúil.

1. Comhairleach Míochaine Seirbhís Otharcharr (cineálach)

An tUas. Mark Doyle	Cathaoirleach
An tUas. Stephen Cusack	FSS Ceantar an Deiscirt – Comhairleach Míochaine
An tUas. Connor Egleston	FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt – Comhairleach Míochaine
An Dr. John O'Donnell	FSS Ceantar an Iarthair – Comhairleach Míochaine
An Dr. Cathal O' Donnell	FSS Ceantar an Mheán-Iarthair – Comhairleach Míochaine
An tUas. Richard Lynch	FSS Ceantar Lár Tíre – Comhairleach Míochaine
An Dr. Mags Bourke	NATS – Comhairleach Míochaine / Ainéistéisí
An tUas. Peter O'Connor	Comhairleach Míochaine - BDBÁC

2. Oifigeach Oilúna agus Forbartha – Seirbhís Otharcharr (cineálach)

An tUas. Danny O'Regan	FSS Ceantar an Deiscirt—Oifigeach O&F
An tUas. John Burton	FSS Ceantar an Mheán-Iarthair – Oifigeach O&F
An tUas. Brendan Whelan	FSS Ceantar Lár Tíre — Oifigeach O&F(Gníomhach)
An tUas. Declan Lonergan	FSS Ceantar an Oirthir — Oifigeach O&F
An tUas. Lawrence Kenna	FSS Ceantar an Oirthir – Oifigeach O&F
An tUas. Fergus McCarron	FSS Ceantar an Iarthuaiscirt – Oifigeach O&F

An tUas. Michael Seaman FSS Ceantar an Oirthuaiscirt — Oifigeach O&F
An tUas. Vincent O'Connor FSS Ceantar an Iarthair – Oifigeach O&F

3. Institiúidí Oiliúna creidiúnaithe ag CCÉRO (cineálach)

An tUas. Macartan Hughes NASC
An tUas. Martin O' Reilly Oifigeach Oiliúna - BDBÁC

4. Dhá ionadaí ó Sheirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann ar aon dul le (1) & (2)

An tUas. Brian McNeill Ceann ar Oiliúint & Deimhniú Cáilíochta (NIAS)
An Dr. David McManus Stiúrthóir Míochaine (NIAS)

5. Cathaoirligh na gCoistí Cúraim Chliniciúil agus Creidiúnaithe (cineálach)

An tUas. Sean Creamer Cathaoirleach an Choiste Cúraim Chliniciúil
Ms. Julie Woods Cathaoirleach an Choiste Creidiúnaithe/Altra Cláraithe

6. Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach na Comhairle (cineálach)

An tUas. Paul Robinson Cathaoirleach na Comhairle
An tOll. Gerard Bury Leaschathaoirleach na Comhairle/Dochtúir Ginearálta

7. Duine de gach cineál acu seo: Lia Míochaine Éigeandála, Dochtúir Ginearálta, Péidiatraí (ar cheapachán indibhidiúil atá ann faoi láthair), Ainéistéisí agus Altra Cláraithe nach bhfuil mar bhall cheana féin trí (1) go (7).

Grúpa Oibre Cóimheasa

Moladh a dhéanamh don Chomhairle maidir leo seo a leanas:

- Cinneadh a dhéanamh ar fhiúntas an mholta go mbronnfaí Cáilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Míochaine Éigeandála (Rialaitheoir)
- Na comhpháirteanna riachtanacha d'Oiliúint Tosaigh agus d'Forbairt Leanúnach Gairmiúil (ar ghá iad a bheith i gceist i ndruchtú curaclaim) a aithint
- Ceisteanna eile maidir le Rialú a bhfuil gá le sainmhíniú agus forbairt orthu agus atá laistigh de shainchúram an CERO a aithint agus moladh a dhéanamh don Chomhairle ar conas ab fhearr iad a chur chun cinn.

An tUas. Gabriel Glynn Cathaoirleach
An tOll. Gerry Bury Ollamh le Cleachtadh Ginearálta
An tUas. Sean Creamer Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil
An tUas. Brendan Crowley Rialtóir FSS Ceantar an Deiscirt
An tUas. Pat McCreanor Príomhoifigeach Otharcharr FSS Ceantar an Oirthir
An tUas. William Merriman Rialtóir FSS Réigiún an Oirthir
An tUas. John Moody Rialtóir BDBÁC
An tUas. Hugh O'Neill Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin DFB
An tUas. Gabe McClean Seirbhís Otharcharr TÉ
An tUas. Joe Smith Oifigeach Caidrimh FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt
An tUas. Shane Knox Teagascóir Oiliúna NASC

RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA


Sa tuarascáil bhliantúil seo tugaimid uasdhátú ar ár ndul chun cinn agus táimid ag tnúth le dúshláin na bliana atá romhainn.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'iarreachtaí agus do thiomantas an Chathaoirligh agus bhaill uile na Comhairle i rith na bliana seo caite. Tá a lán bainte amach in 2006 i gcomhpháirt le hobair dhúthrachtach fhoireann an CCÉRO:

- Leanann an CCÉRO le scrúduithe náisiúnta a chur ar siúl do Pharaimhíochaineoirí (an 14^ú ceann i Meán Fómhair) agus Ard-Pharaimhíochaineoirí (an 4^ú ceann ar siúl) agus faoi dheireadh 2006 bhí siad seo críochnaithe go sásúil ag beagnach 500 Paraimhíochaineoir agus os cionn 50 Ard-Pharaimhíochaineoir;
- bhain na chéad Ard-Pharaimhíochaineoirí in Éirinn a gcáilíocht amach in 2005 agus tá 53 anois againn go náisiúnta;
- táthar ag ullmhú agus ag cur leis na Treoirínte Cleachtadh Cliniciúil a foilsíodh do EMT, do chleachtadh Pharaimhíochaine agus Ard-Pharaimhíochaine chun treoir a thabhairt do chleachtadh sna 6 leibhéal de na gCaighdeán nua Oideachais agus Oiliúna;
- tá an Tuarascáil Náisiúnta um Chúram Othar (TCO) imscartha anois, agus tá TCO leictreonach forbartha agus á phiolótú faoi láthair i gceantair FSS agus i mBriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath;
- tá an tionscadal náisiúnta (Freagróirí Míochaine Éigeandála Comhtháthú & Oiliúint, FMÉCO) á chur i bhfeidhm go céimneach ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCD) chun éascú a dhéanamh ar rólanna iomchuí do Dhochtúirí Ginearálta i gcúram réamh-ospidéal, i gcomhoibriú leis an Seirbhísí Otharcharr, agus tá sé gníomhach anois i 5 de na 10 gceantar FSS;
- tá an CCÉRO tar éis leanúint lena chlár taighde anailíse spásúlachta chun treoir a thabhairt do dhea-implonú otharcharr, Ard-Pharaimhíochaineoirí agus Freagróirí;
- tá coimisiúnú deánta ar Chaighdeán d'oiliúint Rialtóra;
- táthar ag leanúint leis an teagmháil leis na hearnála príobháideacha, deonacha agus cúntacha a bhfuil baint acu le cúram réamh-ospidéal.

Is de bharr na Tuarascála 1990 “Ag Tógáil Croíthe níos Sláintiúla” (ar a dtugtar chomh maith an Straitéis Chardashoithíoch) a bunaíodh an CCÉRO. Bhí an CCÉRO rannpháirteach i dTascfhórsa ar Bhás Tobann Cairdiach agus déanann an tuarascáil, a sheol an tAire Sláinte agus Leanaí, An Tánaiste, Mary Harney, T.D., i Márta 2006, 75 moladh, a bhfuil baint ábhartha ag 45 acu leis an CCÉRO agus baint díreach ag 35 acu leis an CCÉRO. Beidh tábhacht ollmhór leis an tuarascáil seo i dtreorú chlár oibre an CCÉRO sna blianta atá romhainn.

Foireann CCÉRO



Stiúrthóir

An Dr. Geoff King

Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir

Barry O'Sullivan

Oifig Fhorbartha Cláir

Pauline Dempsey
Brian Power
Jacqueline Egan

**Cúntóir an Stiúrthóra/
Rúnaí na Comhairle**

Marian Spence/Patricia Leng

Foireann Chúnta

Sylvia O'Mahony
John Lally
Sharon Gallagher
Liz Dempsey
Claire Finn
Jill Mason

An Chomhairle Um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal

Teach Mhóta na Mainistreach
Sráid na Mainistreach, Nás na Rí, Co Chill Dara

Fón: +353 (45) 882042
Facs: +353 (045) 882089
R-Phost: info@phecc.ie
URL: www.phecc.ie

An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal

**RÁITEAS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
31Ú NOLLAIG 2006**

**AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-
OSPIDÉAL**

RÁITIS AIRGEADAIS

AN BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

LEATHANACH

Clár Ábhar	1
Déantús na Comhairle agus Faisnéis Eile	
Ráiteas na Comhairle agus Freagrachtaí na mBall	13
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	14-15
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais	17
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	18-19
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	20
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais chaipitil	21
Clár Comhardaithe	22
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	23-26

AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉAL

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

Comhdhéanamh na Comhairle agus Eolas Eile

Baill na Comhairle

An tUas. Paul Robinson, Cathaoirleach

An tOllamh Gerard Bury, Leaschathaoirleach

An tUas. John Duggan

An tUas. Mark Doyle

An tUas. Sean Creamer

An tUas. Michael Garry

An tUas. Gabriel Glynn

An tUas. Pat Gaughan

An tUas. Martin Gallagher

An tUas. Pat Hanafin

An tUas. David Hall

An tUas. Macartan Hughes

An tUas. Pat McCreanor

An tUas. Frank O'Malley

Ms. Julie Woods

Stiúrthóir: Dr. Geoff King

Baincéirí AIB

Iniúchóir An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
 Caisleán Bhaile Átha Cliath
 Baile Átha Cliath 2

AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMH- OSPIDÉAL

RÁITIS AIRGEADAIS

AN BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

Ráiteas na Comhairle agus Freagrachtaí na mBall


Éilíonn Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 ar an gComhairle ráitis airgidis, a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann fíorléiriú cothrom ar chúraimí na Comhairle agus ar a hioncam agus a caiteachas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:


- polasaithe oiriúnacha cuntasáochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- cloí le Caighdeáin infheidhmithe Cuntasáochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a thiomhdiú go leanfar le feidhmiú na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal.

Tá freagracht ar an gComhairle cuntais chearta cuntasáochta a choimeád, a nochtann staid airgeadais na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá freagracht uirthi freisin maidir le ráthaíocht shócmhainní na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir le cosc agus le brath calaoise agus mírialtachtaí eile.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

14 Meitheamh 2007

An Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 faoi Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasáíochta a leagadh amach ann, comhdhéanta den Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil, an Clár Comhardaithe agus na nótaí a bhaineann leis.

Freagrachtaí ar Leithligh na Comhairle agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 agus as rialtacht idirbhearta a chinntiú. Ullmhaíonn an Chomhairle na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn mar atá mionathruithe ag teoracha an Aire Sláinte agus Leanáí maidir le cuntasáíocht ar chostais aoisliúntais. Tá freagrachtaí cuntasáíochta na mBall den Chomhairle leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle.

Is í an fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas iomchuí dlíthiúil agus rialála agus Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire).

Tugaim mo thuairim i mo thuarascáil maidir le cibé an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn. Tuairiscím freisin mo thuairim ar cibé ar coimeádadh leabhair chearta cuntais. Ina theannta sin, deirim cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead ar na feidhmeanna a bhí i gceist nó nuair nach dtugann na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an t-eolas agus na míniúcháin go léir a bhfuil gá leo do m'iniúchadh faighte agam.

Déanaim athbhreithniú ar pé an dtagann an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais le géilliúntas na Comhairle don Chód Cleachtais do rialachas Chomhlachtaí Stáit agus tugaim tuairisc ar aon ásc ábhartha nuair nach ndéanann sé amhlaidh, nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó mura dtagann sé le heolas eile a bhfuil cur amach agam air ó m'iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais. Níl orm a mheas pé an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gach riosca agus rialú airgeadais, ná ní gá dom teacht ar thuairim ar éifeacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Bonn le Tuairim Iniúcháireachta

Agus mé ag feidhmiú mar Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas, rinne mé m'iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta agus le tagairt do na comaoineacha speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriúchán. San iniúchadh áirítear scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh faisnéise agus rialtacht na n-idirbhearta airgeadais sna ráitis Airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais suntasacha a déanadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar pé an bhfuil na cleachtais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Comhairle, curtha i bhfeidhm go comhsheasamhach agus leor-nochtaithe.

Rinne mé pleanáil agus feidhmiú ar m'iniúchadh d'fhonn gach eolas agus míniú a cheapaim a bheith riachtanach a fháil chun go leor fianaise a sholáthar dom chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, pé an calaois nó mírialtacht eile nó dearmad is cúis leis. Agus mé ag teacht ar mo thuairim rinne mé measúnú freisin ar leorgacht fhoriomlán chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Mar atá mínithe i bPolasaí Cuntasaíochta Uimh. 5, ní aithníonn an Chomhairle costais na ndlíteanas aoisliúntais ach de réir mar a bhíonn siad le híoc. Ní thagann an polasaí seo le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 a éilíonn go n-aithneofaí a leithéid de chostais sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí. Cé nach mbíonn tionchar ag an teip seo cloí le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán airgeadais ná ar staid na Comhairle faoi mar atá sé nochtaithe sna ráitis airgeadais, i mo thuairim is gá géilliúntas chun tuiscint chearta a fháil ar na costais a bhaineann le leasa aoisliúntais a thuill fostaithe i rith na bliana a sholáthar chomh maith le luach na sochar a bhfuil tiomantas tugtha ag an gComhairle a sholáthar maidir le seirbhís go dtí deireadh na bliana.

Lasmuigh den teip costais aoisliúntais agus dlíteanas an Chomhairle a aithint de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Phrionsabail Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leo in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle ar an 31 Nollaig 2006 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain a chríochnaigh ansin.

I mo thuairim, choimeád an Chomhairle leabhair chearta cuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth
Do agus thar ceann
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
22 Meitheamh 2007

AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉAL

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Aithnímid, thar ceann na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO), ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais.

Tá freagracht ar an CCÉRO tríd an Stiúrthóir as monatóireacht a dhéanamh ar rialú inmheánach agus dearbhuithe a sholáthar don Chomhairle.

Dearadh an córas rialaithe inmheánach chun laghdú seachas díothú a dhéanamh ar riosca. Ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go stoptar dearmaid nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá curtha ann ag an CCÉRO chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar:

- I. Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an CCÉRO le línte dearfa cuntasachta, freagrachta agus faisnéise;
- II. Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais sa CCÉRO doiciméadaithe i mapáí próisis sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC);
- III. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an CCÉRO maidir le leithscaradh dualgas agus údarú caiteachais;
- IV. Oibríonn an CCÉRO Córas Airgeadais TAS agus SAGE chun éascú a dhéanamh ar chleachtas cuntasáíochta airgeadais agus mionrianú iniúchta a sholáthar ar gach idirbheart;
- V. Déantar monatóireacht ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht mhíosúil i gcomparáid leis an bplean gnó. Cuirtear na tuairiscí faoi bhráid an Stiúrthóra chun meastóireachta agus gníomhaíochta iomchuí;
- VI. Ullmhaítear tuairisc mhíosúil ar an staid airgeadais don Roinn Sláinte agus Leanaí agus cuirtear faoi bhráid na Roinne í


AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM ÉIGEANDÁLA
RÉAMH-OSPIDÉAL

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

- VII. Tá Coiste Iniúcháireachta ann a thagann le chéile trí huairé i rith na bliana. Thug an coiste seo tuairisc don Chomhairle ar an 14^ú Nollaig 2006;
- VIII. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeacht an chórais inmheánaigh rialaithe a eolasú le tuairisc an Choiste Iniúcháireachta, le hobair an Iniúchára inmheánaigh, na mBainisteoirí Feidhmiúcháin inár gComhairle a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt agus cothabháil na frámaíochta rialaithe airgeadais, agus le moltaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le linn iniúchta nó ina Shocróirí bainistíochta.
- IX. Coimeádtar Baill na Comhairle ar an eolas maidir le ceistanna airgeadais, rialaithe agus rialachais ghinearálta chorparáideacha trí chruinnithe na Comhairle a bhíonn ar siúl ar bhonn rialta,

Rinne gnólacht seachtrach Cuntasóirí athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh i rith 2008, rinne an Coiste Iniúcháireachta agus an Chomhairle athbhreithniú agus faomhadh ar an gcleachtas seo.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais do 2006.



Cathaoirleach

_____ Stiúrthóir

14 Meitheamh 2007

AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉAL

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Réamhrá

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal faoi Ionstraim Reachtuil Uimhir 109 de 2000, Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 agus a leasaíodh le hIonstraim Reachtuil Uimhir 575 de 2004 trí Ordú (Leasú) 2004.

Is iad príomhfheidhmeanna na Comhairle ná:

- (a) A chinntiú go dtagann Institiúidí Oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann.
- (b) A chinntiú go mbaineann soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ag an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta.
- (c) Treoirínte cleachtais chliniciúil a ullmhú do chúram éigeandála Réamh-Ospidéal.
- (d) Taighde iomchuí a aimsiú agus a urrú chun treoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram Réamh-Ospidéal a fhorbairt.
- (e) Caighdeáin oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim éigeandála Réamh-Ospidéal chun tacú leis an gcleachtas is fearr.
- (f) Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála Réamh-Ospidéal a bhunú agus a choimeád.
- (g) Na soláthróirí cúraim éigeandála Réamh-Ospidéal sin a thugann faoi na treoirínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

(1) Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo, ach mar atá léirithe thíos.

(2) Ioncam agus Caiteachas

Déileáiltear leis an leithdháileadh neamhchaipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a chuirtear

i bhfeidhm chun críche caipitil agus a gcuirtear le sócmhainní seasta dá bharr chuig an gCuntas Ciste Caipitil;

Nuair a úsáitear cuid den leithdháileadh neamhchaipitil chun cistiú a dhéanamh ar thionscadail, a fhaigheann leithdháilte caipitil freisin, tógtar an chuid a bhaineann le cistiú neamhchaipitil chuig an gCuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais.

Déileáiltear le leithdháilte caipitil ón Roinn Sláinte agus Leanaí sa Chuntas Ioncaim Caipitil agus Caiteachais. Is ionann comhardú ar an gcuntas seo agus bharrachas/easnamh ar chistiú do thionscadail a sholáthraíonn an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán caipitil dóibh.

(3) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Gearrtar dímheas bliana iomlán sa bhliain ceannaithe. Luaitear gach Sócmhainn Seasta a fhaightear, is cuma cad is foinse don chistiúchán ar chostas lúide dímheas. Ní ghearrtar dímheas, atá comhoiriúnaithe ag amúchadh coibhéise den Chuntas Ciste Caipitil, ar an gcuntas ioncaim agus Caiteachais.

Gearrtar dímheas ar na rátaí bliantúla seo a leanas:-

Trealamh TFC: 33.3% de réir méid chothroim.
Trealamh Eile 20.0% de réir méid chothroim.

(4) Cuntas Ciste Caipitil

Is ionann an Cuntas Ciste Caipitil agus luach neamhamúchta an chistiúcháin a sholáthraítear do shócmhainní seasta.

(5) Aoisliúntas

Ar ordú ón Aire Sláinte agus Leanaí, níl aon soláthar déanta maidir leis na sochair atá iníoctha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil toisc go ndéanann an tAire Sláinte agus Leanaí frithghealladh ar an dliteanas. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar bhaill den scéim iad chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad.

AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAIM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-ÓSPIDÉAL
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON
BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 Nollaig 2006

Ioncam	Nótaí	2006	2005
		€	€
Leithdháileadh na Roinne Sláinte agus Leanaí		2,812,000	2,236,00
Ioncam Eile	4	<u>132,427</u>	<u>52,526</u>
		2,944,427	2,288,526
Aistriú go Cuntas Ciste Caipitil chun cistiú			
A dhéanamh ar Shócmhainní Seasta	17	(51,604)	(145,835)
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais.		<u>(212,221)</u>	<u>(170,855)</u>
		<u>2,680,602</u>	<u>1,971,836</u>

Caiteachas


Costais Fostaithe	3	743,626	689,347
Costais a Bhaineann leis an bhFoireann	5	67,839	54,685
Costais Chóiríochta agus Forais	6	111,232	111,041
Earcú agus Meáin	7	67,524	10,161
Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta	8	30,999	34,636
Scrúduithe agus Costais Eile a Bhaineann leo	9	57,284	86,899
Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	10	94,619	167,541
Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	11	53,690	65,879
Costais na Comhairle/an Choiste	12	73,320	103,184
EMS T&F, Tionscadail Speisialta, Deontais	13	<u>1,408,183</u>	<u>655,719</u>
		<u>2,708,317</u>	<u>1,979,092</u>

Ráiteas ar Ghluaiseacht i mBarrachas Carntha (Easnamh)


Barrachas (Easnamh) don bhliain	(27,715)	(7,256)
Barrachas ar an 1 Eanáir 2006	12,859	20,115
Barrachas (Easnamh) ar an 31 Nollaig 2006	(14,856)	12,859

Lasmuigh de Dhímheas Sócmhainní Seasta agus Amúchadh a ndéantar déileáil leis tríd an gCuntas Ciste Caipitil, áiríodh gach brabús nó caillteanas aitheanta le teacht ar bhreis an chaiteachais ar ioncam.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

14 Meitheamh

Tá na polasaithe cuntasaíochta ar leathanaigh 9-10 agus na nótaí ar leathanaigh 14-18 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉAL
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006**

	Iarmhéid Tosaigh	Ioncam			Caite	Iarmhéid deiridh
	Barrachas/ Easna mh tosaigh 1ú Eanáir	RSL Caipiteal Cistíocht	Cistíocht Neamhchaipitil I & C	Ioncam Iomlán	Iomlán	Barrachas/ Easnamh Deiridh 31ú Nollaig
	2006		Cuntas			2006
Tionscadal	€	€	€	€	€	€
Forbairt Phinn Dhigitigh	0	65,000	8,362	73,362	73,362	0
Feabhsú ePCR	0		28,859	28,859	28,859	0
Teastasú Microsoft ePCR	0	25,000		25,000	25,000	0
Clár Cairdiach Eis-Ospidéal	0	20,000	125,000	145,000	145,000	0
Ríomhairí Táibléid – Ardoiliúint Pharaimhíochaine	0	150,000		150,000	150,000	0
Maoirseacht Mhíochaine						
Ardpharaimhíochaineoirí	0	20,000	50,000	70,000	70,000	0
Comhpháirtíocht Taighde OL	0	20,000		20,000	20,000	0
Iomlán	0	300,000	212,221	512,221	512,221	0

Anailís ar Chaiteachas Caipitil don bhliain da críoch 31 Nollaig 2006

Caiteachas Caipitil as a dtagann breis sócmhainní seasta

Peann Digiteach, Feabhsú ePCR, Teastas Microsoft –
Clár Stad Cairdiach Eis-Ospidéal

€272,221

Caiteachas Caipitil nach dtagann ann

Do shócmhainn seasta breise dá bharr

Deontais do Ghníomhaireachtaí Eile

Ríomhairí Táibléid – Ardoiliúint Pharaimhíochaine

UCD/NATS

€150,000

Maoirseacht Mhíochaine – Ardpharaimhíochaineoirí

UCD/NATS

€70,000

Comhpháirtíocht Taighde OL


€20,000

€240,000


Caiteachas Iomlán Caipitil

€512,221

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

14 Meitheamh 2007


Tá na polasaithe cuntasáochta ar leathanaigh 9-10 agus na nótaí ar leathanaigh 14-18
ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.


**AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAIM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉAL
CLÁR COMHARDAITHE**

Ar an 31ú NOLLAIG 2006

	Nótaí	2006 €	2005 €
Sócmhainní Seasta	16	371,239	327,927
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		31,249	278,363
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	15	87,490	41,536
		118,739	319,899
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	14	133,594	307,040
Sócmhainní Glana Reatha		(14,855)	12,859
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		356,384	340,786
Maoinithe Ag			
Cuntas Ciste Caipitil	17	371,239	327,927
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		(14,856)	12,859
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitil		0	0
		356,384	340,786

Thar ceann na Comhairle

 Cathaoirleach

 Ball den Chomhairle

14ú Meitheamh 2007

Tá na polasaithe cuntasáíochta ar leathanaigh 9-10 agus na nótaí ar leathanaigh 14-18 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

AN CHOMHAIRLE UM CHÚRAIM ÉIGEANDÁLA RÉAMH-OSPIDÉAL
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

1. Tréimhse an Chuntais

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain ón 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2006.

2. Riarachán

Sholáthair an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán díreach don Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCÉRO).

3. Sonraí ar Fhostaithe agus Luach Saothair

Dháréag líon iomlán na foirne a bhí faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar an 31 Nollaig 2006. Ba é an fíorlíon a bhí ann ná 11 buan, 1 Fhoireann ar Chonradh agus 1 Sealadach. Ba iad costais chomhlána na fostaíochta ná:

	2006	2005
	€	€
Tuarastail na Foirne (Comhlán)	621,248	636,978
ÁSPC na bhFostóirí	45,818	48,783
Foireann ar Chonradh	41,718	0
Foireann Sealadach	<u>34,744</u>	<u>3,586</u>
	<u>743,626</u>	<u>689,347</u>

4. Ioncam Eile

	2006	2005
	€	€
Táillí Clárúcháin	38,170	1,530
Ioncam Úis	232	17
Creidiúnú agus Táillí Scrúdaithe	13,427	17,820
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	<u>80,598</u>	<u>33,159</u>
	<u>132,427</u>	<u>52,526</u>

5. Costais a Bhain leis an bhFoireann

	2006	2005
	€	€
Taisteal agus Cothabháil Foirne	57,271	41,406
Oiliúint agus Forbairt Foirne	<u>10,569</u>	<u>13,279</u>
	<u>67,839</u>	<u>54,685</u>

6. Costais Chothabhála agus Bunáite

	2006	2005
	€	€
Cíos & Costais Oifige	81,498	80,531
Leictreachas (Solas & Teas)	9,052	6,244
Athchóiriú Oifige	8,833	13,298
Cothabháil Ghinearálta	4,036	3,324
Glanadh	2,760	2,694
Lónadóireacht / Soláthairtí Cistine	<u>5,253</u>	<u>4,950</u>
	<u>111,232</u>	<u>111,041</u>

7. Costais Earcaíochta & Meáin Chumarsáide	2006	2005
	€	€
Meáin Chumarsáide agus Earcú	<u>67,524</u>	<u>10,161</u>
	<u>67,524</u>	<u>10,161</u>
8. Táillí Comhairleachta agus Táillí Eile Proifisiúnta	2006	2005
	€	€
Táillí Dí	5,263	4,538
Comhairleacht TEC	3,025	1,815
Táillí Comhairleachta agus Táillí Proifisiúnta - Ilghnéitheach	5,503	14,353
Táillí Comhairliúcháin – Airgeadas	7,133	4,340
Iníúchadh Inmheánach	2,395	1,910
Táillí Iníúcháireachta	<u>7,680</u>	<u>7,680</u>
	<u>30,999</u>	<u>34,636</u>
9. Scrúduithe agus Costais Eile a Bhaineann leo	2006	2005
	€	€
Ionaid an Bhoird Scrúdaithe	1,070	500
Trealamh/Anailís Scrúdaithe	19,522	45,693
Scrúdaitheoirí Seachtracha	<u>36,692</u>	<u>40,706</u>
	<u>57,284</u>	<u>86,899</u>
10. Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	2006	2005
	€	€
Stáiseanáireacht	17,419	15,594
Teileafón & Teileafóin Póca	19,276	24,134
Postas & Cúirírí	21,043	12,786
Trealamh Oifige	5,968	6,888
Clódóireacht / Tuarascálacha Bliantúla / Teastais	17,987	88,015
Árachas	3,455	3,706
Gléasanna Cóipeála/ Conarthaí Seirbhíse etc	353	8,889
Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise	3,535	5,389
Ús agus Táillí Bainc	1,002	586
Ilnithe & Mionchiste	2,094	1,832
Ballraíocht i gComhlachtaí	<u>2,487</u>	<u>1,922</u>
	<u>94,619</u>	<u>167,541</u>
11. Faisnéis, Cumarsáid & Teicneolaíocht	2006	2005
	€	€
Bogearraí agus Nithe Forimeallacha.	24,896	26,171
Ceadúnais agus Tacaíocht TEC	<u>8,794</u>	<u>39,708</u>
	<u>53,690</u>	<u>65,879</u>
12. Costais Chomhairle/Choiste	2006	2005
	€	€
Baill na Comhairle	34,704	32,745
Gnó na Comhairle	12,252	44,542
Coiste Creidiúnaithe	2,477	2,770
Coiste Cúraim Chliniciúil	2,202	1,387
Grúpa Comhairleach Míochaine	9,557	2,509
Grúpaí Eile Oibre/Comhairleacha	<u>12,128</u>	<u>19,231</u>
	<u>73,320</u>	<u>103,184</u>

13. EMS T&F, Tionscadail Speisialta & Deontais	2006	2005
	€	€
Foras Croí na hÉireann	113,000	113,000
Tionscadal Forbartha Acmhainne	20,509	9,943
Tionscnamh E PCR	50,820	10,000
Urraíocht Chomhdhála	35,000	46,000
Taighde Spásanailíse	13,854	26,920
Cistiúchán Forbartha Ardpharaimhíochaine	850,000	415,000
Comhtháthú Láithreach ar Chúram	325,000	0
Treoracha Cleachtais Chliniciúla ISIC	0	10,000
Iontráil Sonraí Spásanailíse - PTS	0	17,801
Forbairt Bhogearraí (Scrúdú)	0	7,055
	<u>1,408,183</u>	<u>655,719</u>

14. Creidiúnaithe	2006	2005
	€	€
Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin		
Táillí Iniúchóireachta	7,680	7,680
Creidiúnaithe Trádála	46,344	204,678
Fabhruithe	<u>79,570</u>	<u>94,682</u>
	<u>133,594</u>	<u>307,040</u>

15. Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	2006	2005
	€	€
Réamhíocaíocht	39,967	38,556
Fiachóirí	<u>47,523</u>	<u>2,980</u>
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí Iomlána	<u>87,490</u>	<u>41,536</u>

16. Sócmhainní Seasta
don bhliain dár críoch 31ú Nollaig 2006

	Trealamh ICT	Trealamh Eile	Iomlán
Costas nó Luacháil			
Ar an 1ú Eanáir 2006	611,545	197,795	809,340
Breiseanna sa bhliain			
-Ó chaipiteal	272,221		272,221
-Ó neamhchaipiteal	43,539	8,065	51,604
Diúscairtí	<u>(88,507)</u>		<u>(88,507)</u>
Ar an 31ú Nollaig 2006	<u>838,798</u>	<u>205,860</u>	<u>1,044,658</u>
Dímheas Carnach			
Ar an 1ú Eanáir 2006	318,540	162,872	481,412
Táillí don bhliain	259,796	20,719	280,515
Diúscairtí	<u>(88,507)</u>		<u>(88,507)</u>
Ar an 31ú Nollaig 2006	<u>498,829</u>	<u>183,591</u>	<u>673,420</u>
Glanluach Leabhair			
Ar an 31ú Nollaig 2006	<u>348,969</u>	<u>22,268</u>	<u>371,237</u>
Ar an 31ú Nollaig 2005	<u>293,005</u>	<u>34,922</u>	<u>327,927</u>

17. Cuntas Ciste Caipitil
don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2006

	€	2006 €	€	2005 €
Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir		327,927		91,454
Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Breiseanna ó Chaipiteal	51,604			
	272,221	323,825		431,689
Lúide:				
Amúchadh ag teacht le dímheas – Nóta 16		280,515		195,216
Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig 2006		<u>371,237</u>		<u>327,927</u>

18. Baill na Comhairle – Nochtadh ar Idirbhearta

Cloíonn an Chomhairle leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit faoi mar atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh sainleasa ag baill na Comhairle. I rith na bliana 2006 níor tháinig an Chomhairle ar aon idirbheart ar ghá nochtadh a déanamh air.

19. Faomhadh ar Ráitis Airgeadais

Rinne an Chomhairle faomhadh ar na Ráitis Airgeadais ar an 14ú Meitheamh 2007.